



**GMIT**

**GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY**  
**INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO**

# Tuarascáil Bhliantúil Annual Report

**Institiúid Teicneolaíochta  
na Gaillimhe-Maigh Eo**

1 Meán Fómhair 2008  
- 31 Lúnasa 2009

**Galway-Mayo  
Institute of Technology**

1st September 2008  
- 31st August 2009

# Tuarascáil Bhliantúil

## Annual Report

### Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo Galway-Mayo Institute of Technology

1 Meán Fómhair 2008 – 31 Lúnasa 2009  
1 September 2008 – 31 August 2009

## Clár / Contents

1.	Réamhrá / Introduction	2
2.	Rialachas / Governance	6
3.	Foireann Acadúil agus Gnóthaí Neach Léinn / Academic Staff and Student Affairs	10
4.	Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Research and Developmental Activities	25
5.	Pearsanra / Personnel	30
6.	Tuarascáil Airgeadais / Financial Report	42
7.	Gaeilge / Irish Language	44
8.	Comhionannas Deiseanna / Equality of Opportunity	45
Aguisín I Appendix I	Scrúdaitheoirí Seachtracha / External Examiners	46
Aguisín I Appendix I	Staidreamh Neach Léinn / Student Statistics	52
Aguisín II Appendix II	Cuntais Iniúchta / Audited Accounts	56

# Réamhrá 1

# Introduction 1

## Ráiteas an Chathaoirligh

## Chairperson's Statement

Leanann GMIT de bheith ag fás i gcónaí sna seirbhísí foghlama agus forbartha a chuireann sí ar fáil don phobal. Tá raon leathan cúrsaí á chur ar fáil againn do thimpeall is naoi míle neach léinn. Agus tá méadú suntasach le teacht ar an líon sin sna blianta beaga atá romhainn. Is é ár gcróphobal neach léinn ná an díorma d'fhoghlaimoirí óga lánfhásta. Níos mó agus níos mó feicimid fás suntasach ar líon na "neach léinn lánfhásta" nó an "foghlaimeoir ar feadh an tsaoil", mar a deirtear, a bhfuil a líon faoi láthair ag thart ar 25% den iomlán. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn freisin lenár nIonaid Nuálaíochta & Gnó i nGaillimh agus i gCaisleán an Bharraigh.



GMIT continues to grow in the learning and development services it provides to the community. We are providing a broad range of courses to approximately nine thousand students. And that number is set to grow significantly over the coming years. Our core student body is the traditional cohort of young adult learners. Increasingly we see the significant growth of the so called "mature student" or the "life-long learner", currently at about 25% of the total. We have made significant strides too with our Innovation & Business Centres in Galway and Castlebar.

Agus roinnt gaotha cinn eacnamaíochta ag séideadh, tá orainn dul i ngleic le méid a chur lenár n-acmhainn agus ár n-inniúlacht. Le linn na mblianta beaga seo romhainn iarrfar orainn bheith in ann glacadh le líon níos mó neach léinn tosaithe agus ag an am céanna leanúntas na foghlama agus na forbartha a chur ar fáil don díorma móraimh d'fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil, mar a d'fhéadfadh sé bheith. Beidh orainn a bheith solúbtha sa mhéid a bheidh á thairiscint agus sa chaoi a ndéanaimid ár gcúrsaí a thairiscint. Beidh gá againn le breis nascálacha comhoibritheacha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus beidh orainn comhchuid idirnáisiúnta níos mó a chothú. Baineann buntáistí oideachasúla agus tráchtála araon leis an ngné idirnáisiúnta. Ní mór dúinn cumais theicneolaíochta na faisnéise a chur san áireamh freisin, rud a thugann ionchais nua spreagúla dúinn ar conas a dhéantar cúrsaí a mhúineadh agus a sheachadadh.

With some very chilly economic winds blowing we are faced with increasing our capacity and capabilities. Over the next few years we will be asked to cope with greater numbers of both young first time students and at the same time provide a continuum of learning and development for what may well become our majority cohort, the life-long learner. We will need to be more flexible in what we offer and how we offer our courses. We will need more collaborative linkages regionally and nationally and we will have to foster a greater international component. The international element offers both educational and commercial advantage. We will also need to take account of information technology capabilities which offer exciting new prospects for how courses are taught and delivered.

Ní bréag ar bith a rá go bhfuil neart dúshlán romhainn. Ach tá neart deiseanna ionchasacha spreagúla romhainn le tapú chomh maith. Léirigh ceannaireacht fheidhmeannas agus baill acadúla GMIT le linn an dá scór bliain seo caite an-solúbthacht agus inoiriúnaitheacht agus níl aon amhras orm ach go leanfaidh siad ar aghaidh mar sin. Tarlaíonn sé ag an am céanna gurb iad sin na cáilíochtaí nach mór dúinn a roinnt ar ár neacha léinn, de bhrí go bhfuil a gcumas chun rudaí nua a fhoghlaim agus chun dul in oiriúint go sciobtha ina bhunriachtanas sa láthair oibre nua-aimseartha, bíodh sí ina fiontar príobháideach nó pobail.

To say there are challenging times ahead is an understatement. But there are very exciting and hopeful times ahead also. The executive leadership and the academic staff of GMIT have shown tremendous flexibility and adaptability over the past four decades and, I have no doubt, will continue to do so. Coincidentally these are critical attributes we must impart to our students, because their ability to learn new things and adapt quickly are essential in the modern workplace, whether that is private or community enterprise.

Ar son an Bhord Rialaithe, glacaim buíochas ó chroí leis an Uachtarán Marion Coy agus lena feidhmeannas as a dtiomantas agus a gceannaireacht shuntasach. Ba mhian liom ár mbuíochas mór a chur in iúl mar is gnách d'fhoireann na hInstitiúide as a ndúthracht chun na torthaí is fearr a bhaint amach dá gcuid neach léinn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a léiriú uair amháin eile do bhaill an Bhord Rialaithe a thugann dá gcuid ama agus saineolais go deonach d'fhonn rialachas fóna a chur i gcrích de réir na gcaighdeán dlíthiúil agus eiticiúil is airde.

**Rory O'Connor,**  
*Cathaoirleach,*  
*Bord Rialaithe GMIT*

On behalf of the Governing Body, a sincere thanks to President Marion Coy and her executive for their outstanding commitment and leadership. I would also like to extend our sincere thanks as always to the staff of the Institute for their dedication to the best possible outcomes for our students. I would like once again to put on record my thanks to the governing body members who volunteer their time and expertise to ensure that sound governance is effected to the highest legal and ethical standards.

**Rory O'Connor,**  
*Chairperson,*  
*GMIT Governing Body*

## Ráiteas an Uachtaráin

Leanann GMIT de bheith ag tacú lena cuid neach léinn agus leis an bpobal mór sa tréimhse mórathruithe seo in Éirinn. Díríonn an Institiúid i gcónaí ar oideachas gairmiúil ábhartha a chur ar fáil agus é dírithe ar réimsí ina ndéanfar an fhostaíocht a chothú nó a fhorbairt sa mheántearma. Beidh deiseanna ag neacha léinn a thagann go dtí GMIT ardán a thógáil dá gcuid gairmeacha beatha ina dhiaidh sin.



Níos mó agus níos mó, bíonn daoine dírithe ar an bhfaill lena dtodhchaí a bhainistiú mar úinéirí a ngnólachtaí féin. Tá na hIonaid Nuálaíochta Gnó ag Gaillimh agus ag Caisleán an Bharraigh ag comhoibriú le roinnt fiontraithe atá tar éis nideoga nua gnó a shainaithint. Cheana féin tá aonáin neamhspleácha bunaithe ag roinnt cuideachtaí sa réigiún agus fostaíocht á giniúint acu.

Tá ‘blas’ réigiúnach agus áitiúil na hInstitiúide le feiceáil sa bhaint atá ag baill foirne agus ag neacha léinn i réimsí gnó agus pobail. Is sampla spéisiúil ar leith é an Tionscadal AE FutureSME de conas tá GMIT ag comhoibriú le cuideachtaí in Iarthar na hÉireann i gcomhar le raon leathan comhpháirtithe AE chun acmhainneacht na hearnála SME a fhorbairt. Beidh obair dá leithéid rithábhachtach d’inhuanaitheacht an réigiúin agus tá aitheantas méadaitheach ann go n-éilíonn inhuanaitheacht áitiúil aird ar chomhthéacs domhanda níos leithne.

Agus an t-imshaol deacair fostaíochta á aithint acu, tá cuid mhaith neach léinn ag baint úsáide as a gcuid buanna chun tacú le tionscadaíl fhorbartha in Éirinn agus thar lear. Tá neacha léinn agus baill foirne as GMIT ag Leitir Fraic sa tSaimbia agus clár oiliúna agus áisín-teacht oiliúna adhmaadóireachta á bhforbairt acu in Maamba. Tá tionscadaíl ‘dheonacha’ eile á bhforbairt ionas go mbeidh ionú ag neacha léinn a gcuid scileanna a úsáid agus a fhorbairt. Tacaíonn an Institiúid go láidir leis na tionscnaimh sin. Féadfar cuid mhaith neach léinn an lae inniu a spreagadh le héachtaí chéimithe GMIT agus iad ag obair ar fud na cruinne agus nuair a iarrtar orthu comhairle a chur ar neacha léinn an lae inniu, bíonn teachtaireacht comónta acu: lig do do phaisean agus do spéiseanna thú a threorú. Léiríonn a dtáithí gur féidir scileanna agus eolas a úsáid i suíomhanna agus i dtimpeallacht atá an-difriúil le do réimse bunaidh staidéir.

Faigheann an Institiúid tacaíocht tréan i gcónaí óna Bord Rialaithe. Cuireann Gobharnóirí comhairle agus treoir ar fáil agus baineann tábhacht ar leith leis sin. Bronnann siad a seirbhís go deonach ar an Institiúid agus is ollmhór é a gcion.

## President's Statement

GMIT continues to support its students and the wider community in a period of major change in Ireland. The Institute continues to focus on providing relevant professional education, targeted at areas where employment will be sustained or grow in the medium term. Students who come to GMIT will have opportunities to build a platform for their subsequent careers.

Increasingly, people are focussing on opportunities to manage their future as owners of their own businesses. The Business Innovation Centres at Galway and Castlebar are working with a number of entrepreneurs who have identified new business niches. A number of companies have already established independent entities in the region and are generating employment.

The regional and local ‘flavour’ of the Institute is evident in staff and student involvement in promoting innovation in business and community settings. The EU Project FutureSME is a particularly interesting example of how GMIT is working with companies in the West of Ireland in collaboration with a wide range of EU partners to develop the potential of the SME sector. Work of this nature will be key to the sustainability of the region and there is increasing recognition that local sustainability requires attention to a broader global context.

Many students, recognising the difficult employment environment, are using their talents to support development projects in Ireland and abroad. Students and staff from GMIT at Letterfrack are working on a project in Zambia developing a training programme and woodworking training facility in Maamba. Other ‘volunteering’ projects are being developed so that students have an opportunity to use and develop their skills. The Institute strongly supports these initiatives. Many of today’s students can be inspired by the achievement of GMIT graduates working across the globe and when asked to advise today’s students, they have a common message: follow your passion and interests. Their experience shows that skills and knowledge can be utilised in settings and environment very different from one’s original area of study.

The Institute continues to get strong support from its Governing Body. The Governors provide advice and direction and this is particularly important right now. They freely offer their service to the Institute and their contribution is immense.

Coinníonn foireann na hInstitiúide orthu ag iniúchadh deiseanna nua don réigiún tríd an obair a dhéanann siad chun cláir nua a fhorbairt agus tríd an mbaint a bhíonn acu le cúrsaí gnó agus leis an bpobal mór. B'fhollasach ar bhealach ar leith a gceannaireacht sa chinneadh a rinne roinnt ball foirne a gcuid ama agus saeolais a thairiscint do ghrúpa daoine dífhostaithe le go ndéanfaidís Ardteastas i bhForbairt Fiontar Gnó. Tá an tionscnamh sin faoi lán seoil anois agus bíonn gach duine a bhfuil baint acu leis, idir neacha léinn agus bhaill foirne, ag labhairt i slí an-dearfach faoina bhfuil á fhoghlaim acu óna chéile. Is dea-shampla é an clár seo de céard faoi í GMIT! Daoine ag foghlaim le chéile chun todhcháí níos fearr a chruthú.



**Marion Coy**  
Stiúrthóir

The staff of the Institute continue to explore new opportunities for the region through their work on new programme development and through their engagement with business and the wider community. This leadership was particularly evident in the decision of a group of staff to offer their time and expertise to a group of unemployed people so that they would pursue a Higher Certificate in Business Enterprise Development. This initiative is now well under way and all those involved, students and staff, speak in very positive terms of what they are learning from each other. This programme is a fine example of what GMIT is really about! People learning together to make a better future.



**Marion Coy**  
President.

## Misean GMIT

Ag GMIT forbraímid deiseanna ar feadh an tsaoil trínár dteagasc agus taighde agus trí thacú le forbairt réigiúnach.

### Na ceithre Thiománaí Straitéiseacha 2004-2009

- Cuireann Straitéis Neach Léinn GMIT an neach léinn i gcoilár na heagraíochta. Is é ár bpríomhspríoc ná soláthar solúbtha oideachais ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil do chuallacht neach léinn atá ag dul in éagsúlacht.
- Cuireann Straitéis Réigiúnach GMIT forbairt réigiún léinn chun cinn trí nuálaíocht eacnamaíoch agus chultúir a spreagadh agus trí chomhtháthú sóisialta a chur chun cinn.
- Cuirfidh Straitéis Foirne GMIT ar chumas gach fostaí de chuid na hInstitiúide leanúint dá bhforbairt ghairme chun tacú le léann ár neach léinn agus le fás ár réigiúin.
- Déanfaidh Straitéis Taighde GMIT taighde, teagasc agus forbairt réigiúnach a chomhtháthú agus mais chriticiúil taighde á forbairt againn i spriocréimsí.

## The GMIT Mission

At GMIT we develop life-long opportunities through our teaching and research and by supporting regional development.

### The four Strategic Drivers 2004-2009

- The GMIT Student Strategy places the student at the centre of the organisation. Our key goal is the flexible provision of life-long and life-wide education to an increasingly diverse student body.
- The GMIT Regional Strategy promotes the development of a learning region by stimulating economic and cultural innovation and by promoting social cohesion.
- The GMIT Staff Strategy will enable all employees of the Institute to continue their professional development in support of our students' learning and our region's growth.
- The GMIT Research Strategy will integrate research, teaching and regional development as we develop a critical mass of research capacity in targeted areas.

## Rialachas 2

## Governance 2

### An Bord Rialaithe 2.1

### Governing Body 2.1

#### Ceaptha: Aibreán 2005

Rory O'Connor Uas.  
Cathaoirleach Ceaptha Aibreán 2006

Marion Coy Uas.  
Uachtarán

Breandán Ó Callaráin Uas.  
CGO Chathair na Gaillimhe Ceaptha Bealtaine 2006

Seosamh Mac Donncha Uas.  
CGO Chontae na Gaillimhe Ceaptha Meitheamh 2006

An Comh. Teresa McGuire  
CGO Chontae Mhaigh Eo

Joe Cunningham Uas.  
ICTU

Donagh O'Donoghue Uas.  
IBEC

An Comh. Patrick McMahon  
CGO Chontae an Chláir

An Comh. Brian Walsh  
CGO Chathair na Gaillimhe

Carmel Brennan Uas.  
Cumann Lucht Tráchtála/Tionscail na Gaillimhe

Betsy Maloney Uas.  
CGO Chontae na Gaillimhe

Maria Heneghan Uas.  
TEAGASC

Joe Beirne Uas.  
Institiúid Innealtóirí Éireann

An Dr Íde Ní Fhaoláin  
Foireann Acadúil GMIT

Hugh McBride Uas.  
Foireann Acadúil GMIT

Chris McLoughlin Uas.  
Foireann Neamh-Acadúil GMIT

#### Bliain Acadúil 08/09

Patrick Bonner Uas.  
Uachtarán Aontas Neach Léinn GMIT

Clare Lawlor Uas.  
Leas-Uachtarán Aontas Neach Léinn GMIT,  
Campas Chaisleán an Bharraigh

#### Appointed: April 2005

Mr Rory O'Connor  
Chairman Appointed April 2006

Ms Marion Coy  
President

Breandán Ó Callarán,  
Uasal City of Galway VEC Appointed May 2006

Seosamh Mac Donncha,  
Uasal County Galway VEC Appointed June 2006

Cllr Teresa McGuire  
County Mayo VEC

Mr Joe Cunningham  
ICTU

Mr Donagh O'Donoghue  
IBEC

Cllr Patrick McMahon  
County Clare VEC

Cllr Brian Walsh  
City of Galway VEC

Ms Carmel Brennan  
Galway Chamber of Commerce/Industry

Ms. Betsy Maloney  
County Galway VEC

Ms Maria Heneghan  
TEAGASC

Mr Joe Beirne  
Institution of Engineers of Ireland

Dr Íde Ní Fhaoláin  
GMIT Academic Staff

Mr Hugh McBride  
GMIT Academic Staff

Mr Chris McLoughlin  
GMIT Non-Academic Staff

#### Academic Yr 08/09

Mr Patrick Bone  
President GMIT Students' Union

Ms. Clare Lawlor  
Vice-President GMIT Students' Union,  
Castlebar Campus



**Ar chúl: C-D:** Breandán Ó Callaráin, CGO Chathair na Gaillimhe; An Comh. Brian Walsh, CGO Chathair na Gaillimhe; Bernard O'Hara, Clárathoir, GMIT; Jim Fennell, Rialtóir Airgeadais GMIT agus Rúnaí an Bhord Rialaithe; Clare Lawlor, Leas-Uachtarán Aontas na Neach Léinn GMIT Chaisleán an Bharraigh; Patrick McMahon, CGO Cho. an Chláir; Chris McLoughlin, Foireann Neamh-Acadúil GMIT; An Dr Íde Ní Fhaoláin, Foireann Acadúil GMIT; Patrick Bonner, Uachtarán Aontas na Neach Léinn GMIT; Betsy Maloney, CGO Cho. na Gaillimhe; Hugh McBride, Foireann Acadúil GMIT; Seosamh Mac Donncha, CGO Cho. na Gaillimhe.

**Chun tosaigh: C-D:** Joe Cunningham, ICTU; Marion Coy, Uachtarán GMIT; Rory O'Connor, Cathaoirleach, GMIT; Joe Beirne, Institiúid Innealtóirí Éireann; Carmel Brennan, Cumann Tráchtála na Gaillimhe.

**Back row: L-R:** Breandán Ó Callaráin, City of Galway VEC, Cllr. Brian Walsh, City of Galway VEC, Bernard O'Hara, Registrar, GMIT; Jim Fennell, GMIT Financial Controller and Governing Body Secretary; Clare Lawlor, Vice-President, GMIT Castlebar Students Union; Patrick McMahon, County Clare VEC; Chris McLoughlin, GMIT Non-Academic Staff; Dr. Ide Ní Fhaoláin, GMIT Academic Staff; Patrick Bonner, President, GMIT Students Union; Betsy Maloney, Co. Galway VEC; Hugh McBride, GMIT Academic Staff; Seosamh Mac Donncha, Co. Galway VEC.

**Front row, L-R:** Joe Cunningham, ICTU, Marion Coy, President, GMIT, Rory O'Connor, Chairman, GMIT, Joe Beirne, Institution of Engineers Ireland; Carmel Brennan, Galway Chamber.



## Foireann Shinsearach 2.2

### Uachtarán

Marion Coy, BA, H Dip in Ed, MA

### Riaracháin/Seirbhísí Neach Léinn

**Cláraitheoir:** Bernard O'Hara Uas,  
BComm, LLB, MBA, FCIS, FCMA, MCIPD, AITI, Dip Soc Sc

#### Cláraitheoir Cúnta:

Michael Hannon Uas., B Tech (Ed), MSc (Ríomhaireacht)

#### Rúnaí/Rialtóir Airgeadais:

Jim Fennell Uas., Dip Bus Stds, FCCA

#### Ceann Forbartha:

Andrew D'Arcy Uas., BA, MIE, MIIE, MIMC

#### Ceann Léinn agus Teagaisc:

Dennis Murphy, BBS, MSc (Econ)

#### Leabharlannaí:

Ann Joyce Uas., BA

#### Oifigeach Iontrálacha:

Philomena Lydon Uas.

#### Bainisteoir Acmhainní Daonna:

Tony McDonogh Uas., BComm, HDip, MBA, LLB

#### Oifigeach Airgeadais:

Edel O'Connor Uas., BComm, MSc (Cuntasaíocht), FCA

#### Bainisteoir Foirgneamh agus Eastát:

David Lee Uas., BE, CDIPAF, CEng MIEI, IOSH

#### Bainisteoir Seirbhísí Ríomhaire:

Martin Gibbons Uas.

#### Bainisteoir Seirbhísí Tráchtála:

An Dr John Kennedy, BSc (Hons) PhD, MBA

#### Ceann Taighde

An Dr Patrick Delassus, Dip in Mech. Eng, Dip in Pyrotechnic Eng, BEng, (Production Eng), BEng (Mech. Eng), MSc, PhD

### Scoil na nDaonnachtaí

#### Ceann na Scoile:

Mary McCague Uas., BA, HDE

#### Ceann na nEalaíon Cruthaíoch:

An Dr Suzanna O'Shea, BA (Hons), M.Phil, D.Phil

### Scoil Staidéar Gnó

#### Ceann na Scoile:

Laurence Elwood Uas., BComm, HDE, MA

#### Ceanna na Roinne Gnó:

Deirdre Lusby Uas., BComm, M.i gCuntasaíocht

Carmel Brennan Uas., BComm, MBS

## Senior Staff 2.2

### President

Ms Marion Coy, BA, H Dip in Ed, MA

### Administration/Student Services

**Registrar:** Mr. Bernard O'Hara,  
BComm, LLB, MBA, FCIS, FCMA, MCIPD, AITI, Dip Soc Sc

#### Assistant Registrar:

Mr. Michael Hannon, BTec (Ed), MSc. (Computing)

#### Secretary/Financial Controller:

Mr. Jim Fennell, Dip Bus Stds, FCCA

#### Head of Development:

Mr. Andrew D'Arcy, BA, MIE, MIIE, MIMC

#### Head of Learning and Teaching:

Mr. Dennis Murphy, BBS, MSc (Econ)

#### Librarian:

Ms Ann Joyce, BA

#### Admissions Officer:

Ms Philomena Lydon

#### Human Resources Manager:

Mr. Tony Mc Donogh, BComm, HDip, MBA, LLB

#### Finance Officer:

Ms Edel O'Connor, BComm, MSc (Accounting), FCA

#### Buildings and Estates Manager:

Mr. David Lee, BE, CDIPAF, CEng, MIEI, Cert, IOSH

#### Computer Services Manager:

Mr. Martin Gibbons

#### Commercial Services Manager:

Dr. John Kennedy, B Sc (Hons) PhD, MBA

#### Head of Research

Dr. Patrick Delassus, Dip. in Mech. Eng, Dip. in Pyrotechnic Eng, BEng (Production Eng), BEng (Mech. Eng), MSc, PhD

### School of Humanities

#### Head of School:

Ms Mary Mac Cague, BA, HDE

#### Head of Creative Arts:

Dr. Suzanne O'Shea, BA (Hons), M Phil, D Phil

### School of Business Studies

#### Head of School:

Mr. Laurence Elwood, BComm, HDE, MA

#### Head of Department of Business:

Ms Deirdre Lusby, BComm, M. in Accounting

Ms. Carmel Brennan, BComm, MBS

**Scoil na hInnealtóireachta****Ceann na Scoile:**

Gerard MacMichael Uas., BSc (Eng), MIE, MBA

**Ceann na Roinne Foirgníochta agus Innealtóireachta Sibhialta:**

Tom White Uas., FRICS., FSCS

**Ceann na Roinne Leictreonaice:**

Des O'Reilly Uas., BEng, MSc

**Ceann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla/Tionsclaíochta:**

An Dr Carine Gachon, C Eng, M Eng, DEA, PhD

**Scoil Óstáin****Ceann na Scoile:**

Cait Noone Uas., BA (Hons), Cert. Educ, MBA

**Ceann na Roinne Ealaíona Cócaireachta agus Fáilteachais:**

Robert Dagger Uas., C and G7063, Cert Effective Mgmt

**Ceann na Roinne Bainistíochta Óstáin agus Turasóireachta:**

Gerry Talbot Uas., MA

**Scoil na hEolaíochta****Ceann na Scoile:**

An Dr Desmond Foley, BSc, PhD

**Ceann na Roinn Eolaíochta:**

An Dr Seamus Lennon, BSc, PhD, Dip Pharm. Man. Tech

**Ceann Roinn na Matamaitice agus na Ríomhaireachta:**

Gabriel Hicks Uas., BA, MSc

**Oideachais ar Feadh an tSaoil****Comhordaitheoir:**

Rosie Curry Uas., MSc, Baitsiléir Eolaíochta

**Leitir Fraic****Ceann na Roinne:**

Dermot O'Donovan,

BComm, Teastas i nDearadh Troscáin, MSc

**Caisleán an Bharraigh****Ceann an Ionaid:**

An Dr Barbara Burns, BSc, PhD

**Ceann na Roinne Altranais:**

Geraldine Murray Uas. MBA, BNS, Teastas i mBainistíocht

**Ceann na Roinne Gnó, Daonnachtaí & Teicneolaíochta:**

Michael Gill Uas. BComm, DPA, ACA, HDip in Ed.

**School of Engineering****Head of School:**

Mr. Gerard Mac Michael, BSc (Eng), MIE, MBA

**Head of Department of Building and Civil Engineering:**

Mr. Tom White, FRICS., FSCA

**Head of Department of Electronics:**

Mr. Des O'Reilly, BEng, MSc.

**Head of Department of Mechanical/Industrial Engineering:**

Dr. Carine Gachon, C Eng, M Eng, DEA, PhD

**Hotel School****Head of School:**

Ms Cait Noone, BA (Hons), Cert. Educ, MBA

**Department of Culinary Arts and Hospitality:**

Mr. Robert Dagger, C and G7063, Cert Effective Mgmt

**Department of Hotel and Tourism Management:**

Mr. Gerry Talbot, MA

**School of Science:****Head of School:**

Dr. Desmond Foley, BSc, PhD

**Head of Department of Science:**

Dr. Seamus Lennon, BSc, PhD, Dip Pharm. Man. Tech

**Head of Department of Mathematics and Computing:**

Mr. Gabriel Hicks, BA, MSc

**Lifelong Learning:****Co-ordinator:**

Ms Rosie Curry, MSc, Bachelor of Science

**Letterfrack****Head of Department:**

Mr. Dermot O'Donovan,

BComm, Certificate in Furniture Design, MSc

**Castlebar****Head of Centre:**

Dr. Barbara Burns, BSc, PhD

**Head of Department of Nursing:**

Ms Geraldine Murray, MBA, BNS, Dip in Management

**Head of Department of Business,****Humanities and Technology:**

Mr. Michael Gill, BComm, DPA, ACA, HDip in Ed.

# Foireann Acadúil agus Gnóthaí Neach Léinn 3

## An Chomhairle Acadúil 3.1

### An Chomhairle Acadúil 2007 – 10

Marion Coy Uas. (Cathaoirleach)

Bernard O'Hara Uas. (Rúnaí)

Carmel Brennan Uas.

Deirdre Brophy Uas.

Tom Burke Uas.

An Dr Barbara Burns

David Cashman Uas.

Celine Curtin Uas.

Andrew D'Arcy Uas.

Robert Dagger Uas.

An Dr Patrick Delassus

Larry Elwood Uas.

John Farrell Uas.

An Dr Des Foley

Clodagh Geraghty Uas.

Michael Hannon Uas.

Kevin Heffernan Uas.

Gabriel Hicks Uas.

Colm Kelleher Uas.

An Dr Seamus Lennon

Aidan Luddy Uas.

Deirdre Lusby Uas.

Phil Lydon Uas.

Kevin Maye Uas.

Mary MacCague Uas.

Gerard MacMichael Uas.

Thomas Mangan Uas.

Hugh McBride Uas.

Ivan McPhillips Uas.

Andrea Moloney Uas.

Shane Moran Uas.

Dennis Murphy Uas.

Geraldine Murray Uas.

An Dr Íde Ní Fhaoláin

Cáit Noone Uas.

Gerard O'Donnell Uas.

Des O'Reilly Uas.

An Dr Ian O'Connor

Dermot O'Donovan Uas.

Suzanne O'Shea Uas.

Leonie Quinn Uas.

Lennart Reichenbach Uas.

Pauline Staunton Uas.

Gerry Talbot Uas.

Margaret Waldron Uas.

Tom White Uas.

### Ionadaithe Aontas na Neach Léinn

Conor Moylan Uas.

Bebhinn Langan Uas.

Niall Burke Uas.

### Fochoistí

■ Coiste Measúnaithe Neach Léinn

■ Coiste Seasta

■ Caighdeáin Acadúla

■ Iontrálacha Neach Léinn

■ Achomhairc Institiúide

■ Taighde

■ Coiste Disciplín

## Academic Council 3.1

### Academic Council 2007-10

Ms. Marion Coy (Chairperson)

Mr. Bernard O'Hara (Secretary)

Ms. Carmel Brennan

Ms. Deirdre Brophy

Mr. Tom Burke

Dr. Barbara Burns

Mr. David Cashman

Ms. Celine Curtin

Mr. Andrew D'Arcy

Mr. Robert Dagger

Dr. Patrick Delassus

Mr. Larry Elwood

Mr. John Farrell

Dr. Des Foley

Ms. Clodagh Geraghty

Mr. Michael Hannon

Mr. Kevin Heffernan

Mr. Gabriel Hicks

Mr. Colm Kelleher

Dr. Seamus Lennon

Mr. Aidan Luddy

Ms. Deirdre Lusby

Ms. Phil Lydon

Mr. Kevin Maye

Ms. Mary MacCague

Mr. Gerard MacMichael

Mr. Tomas Mangan

Mr. Hugh McBride

Mr. Ivan McPhillips

Ms. Andrea Moloney

Mr. Shane Moran

Mr. Dennis Murphy

Ms. Geraldine Murray

Dr. Íde Ní Fhaoláin

Ms. Cáit Noone

Mr. Gerard O'Donnell

Mr. Des O'Reilly

Dr. Ian O'Connor

Mr. Dermot O'Donovan

Dr. Suzanne O'Shea

Ms. Leonie Quinn

Mr. Lennart Reichenbach

Ms. Pauline Staunton

Mr. Gerry Talbot

Ms. Margaret Waldron

Mr. Tom White

### Students' Union Reps

Mr. Conor Moylan

Ms. Bebhinn Langan

Mr. Niall Burke

### Sub-Committees

■ Student Assessment Committee

■ Standing Committee

■ Academic Standards

■ Student Admissions

■ Institute Appeals

■ Research

■ Disciplinary Committee

# Academic Staff and Student Affairs 3

## Forbairtí Acadúla 3.2

### Tionscnaimh Athraithe ag GMIT

#### An Ciste Straitéiseach Nuálaíochta (SIF II)

D'éirigh le GMIT cistiú a fháil ón gCiste Straitéiseach Nuálaíochta (SIF II) in 2008 le déiriú ar eispéaras an neacha léinn, ar phríomhchuspóir straitéiseach na hInstitiúide é an uair sin agus anois araon. Cuireadh tús le tionscadal 'Foghlama Neach Léinn-Treoraithe' a léiríonn comhoibriú le hInstitiúid réigiúnach (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, AIT) agus an Ollscoil áitiúil (Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, NUIG).

Tá tionscnamh GMIT SIF II ceaptha le tionchar dearfach a imirt ar Eispéaras na Chéad Bhliana (FYE) agus cur leis an athrú, go mór mór i dtaca le conas a bhainistíonn an Institiúid a cuid clár agus conas a thacaíonn sí lena neacha léinn agus iad i mbun foghlama. Ar thorthaí an tionscadail tá eiseamláirí, cláir agus scothchleachtas a chuirfidh le feidhmíocht GMIT agus a rachaidh i gcion ar fhorbairtí san oideachas sa todhchaí in Éirinn. déantar sampla de na tionscadail a phlé thíos.

#### Foghlaim Phiara-Chuidithe (PAL)

Is éard atá i gceist leis an gclár PAL ná neacha léinn ón 2ú, 3ú nó 4ú bliain ag cur isteach ar ról mar cheannaire PAL agus ansin bheith ag obair le lucht na 1ú bliana i seisiún seachtainiúil agus de réir tráthchláir dul i ngleic le topaicí éagsúla. Ó cuireadh an clár PAL i bhfearas in GMIT, bunaíodh roinnt nasc oideachasúil idirnáisiúnta le hinstitiúidí eile a riarann PAL, agus Ollscoil Mhanchuinn, Ollscoil Bournemouth agus Ollscoil Hull sa RA, Ollscoil Leuven sa Bheilg, Ollscoil Granada sa Spáinn agus PALnet Ireland san áireamh. Lena chois sin, chuir GMIT agus AIT páipéir i láthair ag roinnt comhdhálacha in Éirinn agus sa RA ar an 'PAL Programme Rollout Experience' agus an 'First Year PAL Experience'. I mBealtaine 2010, déanfaidh GMIT an 4ú Siompóisiam PAL bliantúil a reáchtáil agus tabharfar cuireadh d'institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta freastal agus eispéiris a bhaineann le Foghlaim Phiara-Chuidithe a chur i láthair. ([www.gmit.ie/pal](http://www.gmit.ie/pal))

#### Modúl ar Foghlaim Conas Foghlaim a Dhéanamh (L2L) le haghaidh Lucht na Chéad Bhliana

Tá modúl éigeantach cúig chreidimheas ar feadh na hInstitiúide forbartha ag GMIT do lucht na chéad bhliana ar a dtugtar Learning to Learn (L2L), a cuireadh ag obair den chéad uair i Meán Fómhair 2009. Is í an phríomhréasúnaíocht leis an modúl ná tacaíocht a thabhairt don trasdul ó mheánoideachas go dtí ardoideachas. Tá an modúl seo nua go maith de bhrí nach leagtar síos ach torthaí na foghlama, agus ligtear do gach réimse disciplín an seachadadh agus an t-ábhar a chur i gcomhthéacs.

## Academic Developments 3.2

### Change Initiatives at GMIT

#### The Strategic Innovation Fund (SIF II)

GMIT successfully secured funding from the Strategic Innovation Fund (SIF II) in 2008 to focus on the student experience, a key strategic objective of the institute both then and now. A 'Student Led Learning' project was initiated demonstrating collaboration with a regional Institute (Athlone Institute of Technology, AIT), and the local University (the National University of Ireland, Galway, NUIG).

The GMIT SIF II initiative is intended to have a positive impact on the First Year Experience (FYE) and inform change particularly in relation to how the institute manages its programmes and supports its students in their learning. The outcomes from the project include models, programmes and best practice which will enhance the performance of GMIT and will impact future developments in higher education in Ireland. A sample of the projects is discussed below.

#### Peer Assisted Learning (PAL) The PAL programme

involves students from 2nd, 3rd or 4th year applying for the role as a PAL leader and then working with 1st years in a weekly timetabled session engaging with a variety of topics. Since the PAL programme has been set up in GMIT a number of international educational links have been established with other institutes running PAL including Manchester University, Bournemouth University and Hull University in the UK, Leuven University in Belgium, Granada University in Spain and PALnet Ireland. Furthermore, GMIT and AIT have presented papers at a number of conferences in Ireland and the UK on the 'PAL Programme Rollout Experience' and the 'First Year PAL Experience'. In May 2010, GMIT will host the 4th annual PAL Symposium where national and international institutes will be invited to attend and present on Peer Assisted Learning experiences. ([www.gmit.ie/pal](http://www.gmit.ie/pal))

#### Learning to Learn (L2L) Module for First Years

GMIT developed a five credit institute-wide mandatory module for first years called Learning to Learn (L2L), which was rolled out in September 2009 for the first time. The key rationale for the module is to support the transition from secondary education to higher education. This module is quite novel as only the learning outcomes are prescribed, allowing each discipline area to contextualize the delivery and content.

### An Córas Bainistithe Modúil (MMS)

Tá an Córas Bainistithe Modúil (MMS) curtha i bhfeidhm in GMIT ó Mheán Fómhair 2009, agus faoi láthair cuireann sé taiscleann d'Eolas Modúil a ndéantar lár bhainistiú air do neacha léinn agus do bhaill foirne araon ar fáil. Ar na buntástí a bhaineann le MMS tá comhroinnt gan úim eolais idir scoileanna, bainistiú leictreonach agus táirgeadh tuairisce don NFQ/QA, comhéadan d'amharc gréasáin do gach neach léinn, clár áiseanna nó cinnteoireacht roghnach; éascaíonn sé dearadh clár agus feabhsaíonn sé bainistiú ama do gach ball foirne. Tacaíonn cuibhreas d'institiúidí a chuimsíonn GMIT, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh le hinbhuanaitheacht an tionscnaimh seo.

### Measúnú ar Eispéiris Teagaisc Acadúil agus Eispéiris Fhoghlama Neacha Léinn

Rinne GMIT comhoibriú le NUIG ar roinnt tionscnamh athleasaithe curaclaim ar a n-áirítear 'Suirbhé ar Fhoghlaim, Theagasc, Mheasúnú agus Phleanáil' a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach ball foirne. Lena chois sin, forbraíodh suirbhé ar líne ar eispéaras foghlama an neacha léinn.

### Dul i nGleic Cathartha

Tá GMIT ag comhoibriú le NUIG chun tairiscint 'Dul i nGleic Cathartha' atá ailínithe go dlúth le heiseamláir NUIG agus le comhpháirtithe eile 'Campus Engage' a fhorbairt do GMIT. Cuirfidh an eiseamláir seo 'cultúr na hoibre deonái' chun cinn in GMIT chun freastal ar an bpobal trí am, iarracht agus scileanna a thabhairt.

### Léacht Cuimhneacháin Paddy Ryan

I mí na Nollag 2008, d'ostaigh GMIT Dara Léacht Paddy Ryan i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh. Ba é an cainteoir ná George Lee agus labhair sé faoin topaic "Geilleagar na hÉireann". Bhí breis agus 300 i láthair i nGaillimh agus bhí nasc comhdhála ann le téatar in GMIT Caisleán an Bharraigh, áit ar ghlac baill foirne páirt sa seisiún ceisteanna agus freagraí.

Ag Léacht Cuimhneacháin Paddy Ryan in GMIT mí na Nollag 2008, bhí ó chlé go deas: Jim Fennell Uas., Rúnaí/Rialtóir Airgeadais GMIT, George Lee Uas., Breda Ryan Uas., Paul Shelly Uas, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Rory O'Connor Uas, Cathaoirleach GMIT, Bernard O'Hara Cláraitheoir GMIT.

### The Module Manager System (MMS)

The Module Manager System (MMS) has been implemented in GMIT since September 2009, and now provides a centrally managed repository of Module Information for students and staff alike. The benefits of MMS include seamless information sharing between schools, electronic management and report production for the NFQ/QA, web view interface for all students, aids programme or elective decision making, facilitates programme design and improves time management for all staff. The sustainability of this initiative is supported by a consortium of Institutes consisting of GMIT, Athlone Institute of Technology, Institute of Technology Sligo and Limerick Institute of Technology.

### Evaluation of Academic Teaching Experiences and Student learning Experiences

GMIT has collaborated with NUIG on a number of curriculum reform initiatives including the development and deployment of a 'Learning, Teaching, Assessment and Planning Survey' for all staff. In addition an online student learning experience survey was developed.

### Civic Engagement

GMIT are working with NUIG on developing a 'Civic Engagement' offering for GMIT which is closely aligned to the NUIG model and other 'Campus Engage' partners. This module will promote a 'volunteering culture' in GMIT to serve the community in giving time, effort and skills.

### Paddy Ryan Memorial Lecture

In December 2008, GMIT hosted the Second Paddy Ryan Memorial Lecture in co-operation with Galway Chamber and the National University of Ireland Galway. The speaker was George Lee on the topic "The Irish Economy". Over 300 attended the lecture in Galway, with a conference link to a theatre in GMIT Castlebar, where staff participated in the question and answer session.

At the Paddy Ryan Memorial Lecture in GMIT in December 2008, were from l to r: Mr. Jim Fennell, Secretary / Financial Controller GMIT, Mr. George Lee, Ms. Breda Ryan, Mr. Paul Shelly, President Galway Chamber, Mr. Rory O'Connor, Chairperson GMIT, Mr. Bernard O'Hara, Registrar GMIT.



Cuireann an Scoil Ghnó an tArdeastas i nGnó i bhForbairt Fiontar ar fáil ar bhonn páirtaimseartha do dhaoine a d'éirigh dífhostaithe agus chláraigh de 146 ina iomláine air. Is ar bhonn pro bono a chuir baill foirne GMIT an clár ar fáil.

### **Tionólann Bord an ÚAO a chéad chruinniú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath in GMIT.**

Tionóladh an chéad chruinniú riamh de bhord an ÚAO lasmuigh de Bhaile Átha Cliath in GMIT ar an Luan 1 Aibreán 2009.

### **Críochnaíonn foireann choláiste Shádaigh a gclár samhraidh**

Chuir naoi nduine dhéag foirne tríú leibhéal as coláistí san Araib Shádach dianchlár oiliúna ceithre sheachtain i gcrích ag GMIT. Rinne na náisiúnaigh Shádacha a bhíonn ag obair sa Chorporáid Oiliúna Theicniúil agus Ghairmiúil tríú leibhéal san Araib Shádach staidéar ar ríomhaireacht agus ar ghiniúint chumhachta ag campas Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus thug cuairt freisin ar roinnt stáisiún cumhachta i nGaillimh agus sa Chabhán.

The School of Business provided the Higher Certificate in Business in Enterprise Development on a part-time basis for people who were recently made unemployed with a total of 146 registering on it. The programme was provided pro bono by GMIT staff.

### **HEA Board holds first meeting outside Dublin in GMIT**

The first ever HEA board meeting to be held outside of Dublin took place in GMIT on Monday 1 April 2009.

### **Saudi college staff complete summer programme**

Nineteen third-level staff from colleges in Saudi Arabia recently completed a four-week intensive training programme at GMIT. The Saudi nationals who work in the third-level Technical and Vocational Training Corporation (TVTC) in Saudi Arabia, studied computing and power generation at the Dublin Road campus and also visited several power plants in Galway and Cavan.



### 11. Scoláirí GMIT do 2008/9:

Scoil	Ainm
Scoil Ghnó	Michael Forde
Scoil na nDaonnachtaí	Antonia Buhl
Scoil na nDaonnachtaí	Cole Delaney
Scoil Óstáin	Patrick Dolan
Scoil na hInnealtóireachta	Patrick Sweeney
Scoil na hEolaíochta	David Francis murray
Campas Chaisleán an Bharraigh	Siobhan Fahy
Campas Leitir Fraic	Karen Anderson
Scoláireacht Lánfhásta	Karina Diamond

### Scoláireachtaí Spóirt agus Cultúir do 2008/9:

#### Campas na Gaillimhe

Spóirt/Cultural	Ainm
Lúthchleasaíocht	Patrick Brennan
Cispheil	Shane Finn
Cultúr	Brid Keane
Cultúr	Deirdre McGlynn
Rothaíocht	William Connolly
Peil Ghaelach	Aoife Ní Cheallaigh
Peil Ghaelach	Charlotte Faughan
Peil Ghaelach	Darragh Quinn
Peil Ghaelach	Niall Prenty
Peil Ghaelach	Séamus Corcoran
Iománaíocht	Gerard O Halloran
Rugbaí	Shane Connolly
Sacar	Gary Price
Sacar	Kevin Crehan
Sacar	Rob Timony

#### Campas Chaisleán an Bharraigh

Spóirt/Cultúrtha	Ainm
Cultúr	Oisín Mac Tiarnáin
Peil Ghaelach	Aideen Fitzpatrick
Peil Ghaelach	Rory Dunne
Hacaí	Sharon Kenny
Iománaíocht	Nicholas Ó Lónáin
Iománaíocht	Sylvie Óg Linnane
Eitpheil	Louise Daly

#### Campas Leitir Fraic

Spóirt	Ainm
Iománaíocht	Francis Clohosey

### 11. GMIT Scholars for 2008/9:

School	Name
School of Business	Michael Forde
School of Humanities	Antonia Buhl
School of Humanities	Cole Delaney
School of Hotel	Patrick Dolan
School of Engineering	Patrick Sweeney
School of Science	David Francis Murray
Castlebar Campus	Siobhan Fahy
Letterfrack Campus	Karen Anderson
Mature Scholarship	Karina Diamond

### Sports and Cultural Scholarships for 2008/9:

#### Galway Campus

Sports/Cultural	Name
Athletics	Patrick Brennan
Basketball	Shane Finn
Culture	Brid Keane
Culture	Deirdre McGlynn
Cycling	William Connolly
Gaelic Football	Aoife Ni Cheallagih
Gaelic Football	Charlotte Faughan
Gaelic Football	Darragh Quinn
Gaelic Football	Niall Prenty
Gaelic Football	Seamus Corcoran
Hurling	Gerard O Halloran
Rugby	Shane Connolly
Soccer	Gary Price
Soccer	Kevin Crehan
Soccer	Rob Timony

#### Castlebar Campus

Sports/Cultural	Name
Culture	Oisin Mac Tiarnain
Gaelic Football	Aideen Fitzpatrick
Gaelic Football	Rory Dunne
Hockey	Sharon Kenny
Hurling	Nicolas O Lonain
Hurling	Sylvie Og Linnane
Volleyball	Louise Daly

#### Campas Chaisleán an Bharraigh

Letterfrack Campus	Ainm
Hurling	Francis Clohosey



Triúr imreoirí Peile Gaelaí de chuid GMIT, iad uile bunaithe i gcampas Bhóthar Bhaile Átha Cliath, ar bhronn Uachtarán GMIT Marion Coy Scoláireachtaí Spóirt Aontas Neach Léinn GMIT orthu, Ó chlé go deas: Séamus Corcoran, Uachtarán GMIT Marion Coy, Darragh Quinn agus Niall Prenty.

Three GMIT Gaelic Football players, all based in the Dublin Road campus, who were awarded GMIT Students' Union Sports Scholarships from GMIT President Marion Coy l to r: Séamus Corcoran, Darragh Quinn and Niall Prenty.

15

### Scoláireachtaí Iontrála 2008/9

#### Scoil/Campas

Scoil/Campas	Name
Gnó	Una Marie Joyce
Gnó	Sarah Louise Millar
Gnó	Eimear King
Innealtóireacht	Cian James Boland
Óstán	Stella Sesina
Óstán	Rory Arrigan
Óstán	Lisa O'Sullivan
Leitir Fraic	Diarmuid Ó Conghaile
Eolaíocht	Kimberley Devlin

### Athbhreithnithe Cláir

Rinneadh na hAthbhreithnithe Cláir seo a leanas le linn na bliana:

Leitir Fraic	26 Bealtaine 2009
Óstán & Lónadóireacht	7/8 Bealtaine 2009
Innealtóireacht	2/3 Meitheamh 2009
Eolaíocht	15 Meitheamh 2009
Gnó	17/18 Meitheamh 2009

### Suirbhé ar Chéimithe GMIT 2008/2009

Fostaithe	22%
Breis Staidéir	46%
Ag lorg fostaíochta	18%
Gan bheith ar fáil le haghaidh breis oibre/staidéir	2%
Ní fios	12%

### Entrance Scholarships 2008 / 9

#### Sports/Campus

Sports/Campus	Name
Business	Una Marie Joyce
Business	Sarah Louise Millar
Business	Eimear King
Engineering	Cian James Boland
Hotel	Stella Sesina
Hotel	Rory Arrigan
Hotel	Lisa Sullivan
Letterfrack	Diarmuid O'Chongaile
Science	Kimberley Devlin

### Programmatic Reviews

The following Programmatic Reviews were conducted during the year:

Letterfrack	26 May 2009
Hotel & Catering	7/8 May 2009
Engineering	2/3 June 2009
Science	15 June 2009
Business	17/18 June 2009

### GMIT Graduate Survey 2008 / 2009

Employed	22%
Further Study	46%
Seeking employment	18%
Not available for further work/study	2%
Unknown	12%



## STAITISTICÍ BRONNADH CÉIMEANNA GMT 2008/9

### AG GAILLIMH

#### Innealtóireacht

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta	57
Ardteastas in Eolaíocht i dTeicneolaíocht Ailtireachta	1
Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Ailtireachta	22
Baitsiléir Eolaíochta in Eacnamaíocht Foirgníochta agus Suirbhéireacht Cainníochta	32
Ardteastas in Eolaíocht i bhFoirgníocht	1
Baitsiléir Eolaíochta i mBainistíocht Forgníochta	25
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBainistíocht Foirgníochta	51
Baitsiléir Eolaíochta i mBainistíocht Foraioseachta	8
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Réadmhaoine	40
	237
Baitsiléir Eolaíochta i gCórais Ríomhaire agus Leictreonaice	6
Baitsiléir Innealtóireachta in Inn. Ríomhaire agus Leictreonaice	14
Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Inn. Chóras Digiteach & Bogearraí	9
	29
Baitsiléir Innealtóireacht in Innealtóireacht Thionsclaíoch	9
Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Thionsclaíoch	14
Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil	1
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil	24
Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil	23
Céim Máistir Eolaíochta (Taighde)*	1
Céim Dochtúir Fealsúnachta*	1
	73
	339

## GMT CONFERRING STATISTICS 2008/9

### AT GALWAY

#### Engineering

Bachelor of Engineering in Civil Engineering	57
Higher Certificate in Science in Architectural Technology	1
Bachelor of Science in Architectural Technology	22
Bachelor of Science in Construction Economics and Quantity Surveying	32
Higher Certificate in Science in Construction	1
Bachelor of Science in Construction Management	25
Bachelor of Science (Honours) in Construction Management	51
Bachelor of Science in Forest Management	8
Bachelor of Science (Honours) in Property Studies	40
	237
Bachelor of Science in Computer and Electronic Systems	6
Bachelor of Engineering in Computer and Electronic Engineering	14
Bachelor of Engineering (Honours) in Digital and Software Systems Eng.	9
	29
Bachelor of Engineering in Industrial Engineering	9
Bachelor of Engineering (Honours) in Industrial Engineering	14
Higher Certificate in Engineering in Mechanical Engineering	1
Bachelor of Engineering in Mechanical Engineering	24
Bachelor of Engineering (Honours) in Mechanical Engineering	23
Degree of Master of Science (Research)*	1
Degree of Doctor of Philosophy *	1
	73
	339

## Eolaíocht

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht Ghnó agus Meáin Dhigiteacha	24
Baitsiléir Gnó i Ríomhaireacht Ghnó	1
BSc (Onór) i dTeicneolaíocht Faisnéise do Ghnó	10
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí	13
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhForbairt Bogearraí	21
Máistir Eolaíochta i Ríomhaireacht	8
	77
Baitsiléir Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Fhionnuisce agus Mhuirí	10
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBitheolaíocht Fheidhmeach Fhionnuisce agus Mhuirí	11
Ardteastas i mBitheolaíocht Fheidhmeach agus Eolaíocht Bhithchógaisíochta	1
Baitsiléir Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach agus Eolaíocht Bhithchógaisíochta	7
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBitheolaíocht Fheidhmeach agus Eolaíocht Bhithchógaisíochta	10
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i mBithchógaisíocht & Cúram Sláinte	8
	47
Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Cheimiceach agus Cógaisíochta	11
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Cheimiceach agus Cógaisíochta	8
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Mínceimiceáin agus Cógaiseolaíocht	2
Baitsiléir Eolaíochta i bhFisic agus Ionstraimíocht	4
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i bhFisic agus Ionstraimíocht	7
	32
Baitsiléir Eolaíochta i dTalmhaíocht agus Bainistíocht Imshaoil	7
	7
Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Leighis	18
	18
Céim Máistir Eolaíochta (Taighde)* (4 D/A / 3 HETAC)	7
Céim Dochtúir Fealsúnachta* (D/A)	2
	9
	190

## Science

Bachelor of Science in Business Computing and Digital Media	
Bachelor of Science in Business Computing	
BSc (Honours) in Information Technology for Business	
Bachelor of Science in Computing in Software Development	
Bachelor of Science (Honours) in Software Development	
Master of Science in Computing	
Bachelor of Science in Applied Freshwater and Marine Biology	
Bachelor of Science (Honours) in Applied Freshwater and Marine Biology	
Higher Certificate in Applied Biology and Biopharmaceutical Science	
Bachelor of Science in Applied Biology and Biopharmaceutical Science	
Bachelor of Science (Honours) in Applied Biology and Biopharmaceutical Sc	
Bachelor of Science (Honours) in Applied Biopharmaceutical & Healthcare Sc	
Bachelor of Science in Chemical and Pharmaceutical Science	
Bachelor of Science (Honours) in Chemical and Pharmaceutical Science	
Bachelor of Science (Honours) in Fine Chemicals and Pharmaceuticals	
Bachelor of Science in Physics and Instrumentation	
Bachelor of Science (Honours) in Physics and Instrumentation	
Bachelor of Science in Agriculture and Environmental Management	
Bachelor of Science (Honours) in Medical Science	
Degree of Master of Science (Research)* (4 D/A / 3 HETAC)	
Degree of Doctor of Philosophy* (D/A)	

## Óstán

